Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14122/1/23**
**REV 1**

**SOC 676**
**EMPL 480**
**EDUC 387**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Annika JÄREMO, comhalta malartach don tSualainn, in ionad Jacob JOHANSSON, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Jacob JOHANSSON éirithe as mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don tSualainn).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Sualainne don suíochán sin go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027:

Annika JÄREMO
Ministry of Education and Research
Division of Upper Secondary and Adult Education
103 33 Stockholm
Sweden
ríomhphost: annika.jaremo@gov.se

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach

de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Jacob JOHANSSON as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Sualainne don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31 1 2019, lch. 90.

2 IO C 116, 31 3 2023, lch. 15.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Annika JÄREMO ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Jacob JOHANSSON, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán